

# Paróiste An Spidéil
## 19ú Domhnach A
### 8ú/9ú Lúnasa 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P.  www.cilleinde.ie
Oifig:  083 8126745  ***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie
**Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine  10.00 - 2.00**

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ⌖ | | | ***Cill Éind, Spidéal*** | |
| Dé Domhnaigh | 9ú | 11.00r.n. | Noel Ó  Droighneáin **16ú Cuimhneacháin**<br>Larry Ó Curraoin **Dara Cuimhneachán**<br>Finian Ó Conláin & a mhuintir | *Seanamhoinín*<br>*Páirc Thoir*<br>*Baile an tSagairt* |
| Dé Céadaoin | 12ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populo* | |
| Déardaoin | 13ú | 8.30r.n | | |
| Dé hAoine | 14ú | 10.00r.n. | | |
| Dé Sathairn | 15ú | 10.00r.n, | ***Deastógáil na Maighdine Beannaithe Muire*** | |
| Dé Domhnaigh | 16ú | 11:00r.n. | Moya & Páraic Ó Féinneadha<br>Kata Uí Chonchúir 4ú Cuimhneachán<br>Mike Pete Ó Conchubhair & a mhuintir ar fad. | *Cnocán Glas*<br>*Leitirmeas*<br>*Poll* |
| ⌖ | | | ***Cill Treasa, Ros a'Mhíl,*** | |
| Dé Sathairn | 8ú | 6:30i.n. | Stiofán & Bríd Uí Churraoin & a mac Beachla | *Ros a'Mhíl* |
| Dé hAoine | 14ú | 6.30 i.n. | ***Deastógáil na Maighdine Beannaithe Muire*** | |
| Dé Sathairn | 15ú | 6:30i.n. | | |
| ⌖ | | | ***Cill Mhuire, Na Minna*** | |
| Dé Domhnaigh | 9ú | 9:30am | *Missa Pro Populo* | |
| Dé Domhnaigh | 16ú | 9:30am | | |

## Sceál, Scéal, Scéal...

Foilsíonn Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga
nuachtlitir, saor in aisce, ar líne chuile Dhéardaoin @ 8.00:
*Scéal, Scéal, Scéal...*
Nuacht, scéilíní, fógraí agus eolas faoi cheantar Chois Fharraige a bhíonn ann.
Seol do sheoladh ríomhphoist chuig **optchoisfharraige@gmail.com**
agus cuirfear leis an liosta thú.
Nó tabhair cuairt ar
**https://coisfharraige.ie/pleanail-teanga/nuaiocht/**

**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**

## Biseach 2026

Beidh Biseach, irisleabhar Chumann Forbartha Chois Fharraige, á fhoilsiú arís i mbliana.
Má tá suim agatsa píosa a scríobh do Bhiseach na bliana seo, ba bhreá linn cloisteáil uait!

Má phós tú i 2025 nó má tá sé de rún agat pósadh i mbliana agus gur mhaith leat go mbeadh do phictiúr bainise san iris, seol chugainn iad!
Beidh fáilte mhór freisin roimh sheanphictiúirí.
Ba mhaith linn cloisteáil freisin ó dhaoine a raibh páistí acu i mbliana nó anuraidh le freagra na ceiste seo:
Cén cineál Cois Fharraige ar mhaith leat a fheiceáil do do pháiste?

Féadfaidh do fhreagra a bheith chomh fada nó chomh gearr agus is maith leat agus ba bhreá linn pictiúr de do pháistín freisin!
Bí i dteagmháil linn ag:
**biseach2026@gmail.com**

**Fáilte Romhat, A Rí an Domhnaigh Bheannaithe**


Fáilte romhat, a Rí an Domhnaigh bheannaithe,
Lá breá aoibhinn cois bruach na farraige.
Fáilte romhat, a Réalt gheal na mara,
Lá breá aoibhinn d'fhonn Críost a agallamh.

Fáilte romhat, a Dhia na gil' 'sna gréine,
'Thug an lá dhúinn le grá 's le féile.
Fáilte romhat a Mhaighdean ghlórmhar ghléigeal,

## Buíochas leat, a Dhia

Buíochas leat, a Dhia, as ucht na híobartha seo.
Go líona sé ár gcroíthe le grásta.
Go raibh againn i gcónaí a shuaimhneas is a shíocháin.
Moladh go deo le Dian a glóire. (x2)

Bíodh grá againn d'ár gcomharsain gach oíche 's lá,
Is grá againn do Íosa, ár Slánaitheoir,
Go gcanaimid le chéile an t-amhrán se oar neamh.
Moladh go deo le Dian a glóire.  (x2)



**Loinneog don Iontróid—** Sm 73:20, 19, 22, 23

Bí dílis do do chonradh, a Thiarna; ná tréig na hainniseoirí go deo. Éirigh, a Thiarna, agus cosain do chúis; tabhair aird ar bhagairtí do naimhde.

## *Gníomh Aithrí*

A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.

**Admhaím do Dhia uilechumhachtach,**
**agus daoibhse a bhráithre,**
**gur pheacaigh mé go trom,**
**le smaoineamh agus le briathar,**
**le gníomh agus le faillí,**
**trí mo choir féin, trí mo choir féin,**
**trí mo mhórchoir féin.**
**Ar an ábhar sin,**
**impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,**
**ar na hAingil agus ar na Naoimh,**
**agus oraibhse, a bhráithre,**
**guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

***An Ghlóir***

Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;**
**tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**

A Dhia shíoraí uilechumhachtaigh, is mór an sólás dúinn gur féidir linn athair a thabhairt ort. Neartaigh inár gcroí an tuiscint gur sinne do chlann agus seol isteach sinn san oidhreacht a gheall tú dúinn. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht**

*Sliocht as céadleabhar na Ríthe – 19:9, 11-13*

Nuair a shroich Éilias Hóréb, sliabh Dé, chuaigh sé isteach san uaimh ansin. Agus tháinig focal an Tiarna chuige á rá: 'Gabh amach agus seas ar an sliabh os comhair an Tiarna.' Chuaigh an Tiarna féin thart ansin. Tháinig gaoth láidir, chomh tréan sin gur réab sí na sléibhte agus go ndearna smionagar de na carraigeacha roimh an Tiarna. Ach ní raibh an Tiarna sa ghaoth. I ndiaidh na gaoithe tháinig crith talún. Ach ní raibh an Tiarna sa chrith talún. I ndiaidh an chrith talún tháinig tine. Ach ní raibh an Tiarna sa tine. I ndiaidh na tine tháinig fuaim leoithne boige. Nuair a chuala Éilias í seo, chlúdaigh sé a aghaidh lena chlóca; chuaigh sé amach agus sheas ar an mbealach isteach chun na huaimhe.

*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 84

*Freagra: Taispeáin dúinn, a Thiarna, do thrócaire,*
*agus tabhair dúinn do shlánú.*

1. Éistfidh mé leis an ní a déarfaidh an Tiarna Dia;
déarfaidh sé go deimhin lena phobal:
'Síocháin daoibh.'
Tá a shlánú i ngar do lucht a eaglaithe
chun go gcónóidh an ghlóir inár dtír. *(Fr)*

2. Casadh ar a chéile an trócaire is an dílseacht,
phóg an fhíréantacht is an tsíocháin a chéile.
Eascróidh an dílseacht as an talamh
agus breathnóidh an fhíréantacht anuas ó neamh.
*(Fr)*

3. Tabharfaidh an Tiarna fós an mhaith,
agus tabharfaidh an talamh a thoradh uaidh.
Rachaidh an fhíréantacht roimhe amach
agus an tsíocháin i lorg a choiscéimeanna. *(Fr)*

**An Dara Léacht**

*Sliocht as litir N. Pól chuig na Rómhánaigh – 9:1-5*

A bhráithre, táim ag insint na fírinne i bfianaise Chríost agus tá mo choinsias á dhearbhú dom i bhfianaise an Spioraid Naoimh nach aon bhréag dom a rá go bhfuil dólás mór agus arraing gan staonadh i mo chroí. Níor mhiste liom bheith faoi mhallacht Dé agus dealaithe ó Chríost ar son mhuintir mo chine féin. Iosráélítigh is ea iad; is leosan bheith ina gclann Dé; is leo an ghlóir dhiaga, na conarthaí, an reacht, an liotúirge agus na gealltanais; is leo na paitriairc agus is díobh an Críost sa mhéid gur duine é, – an té atá ina Dhia ar an uile ní, moladh go deo leis. Amen.

*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**

'Thug mé cairde oraibh,' a deir an Tiarna, 'óir gach ar chuala mé ó m'Athair, chuir mé in iúl daoibh é.'

**Alleluia!**

**Soiscéal**

*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha14:22-33*

**Glóir duit, a Thiarna**.

Chuir Íosa d'fhiacha ar na deisceabail dul ar bord agus imeacht roimhe go dtí an taobh thall fad a bheadh sé féin ag scaoileadh na sluaite uaidh. Agus tar éis a scaoilte dó, chuaigh sé an sliabh suas ar leithrigh chun guí, agus nuair a bhí an tráthnóna ann bhí sé ansiúd ina aonar. Bhí an bád faoin am sin mórán stáidí amach ón talamh, á bocadh ag na farraigí, mar bhí an ghaoth contrártha. Sa cheathrú faire den oíche, tháinig sé chucu ag siúl ar an bhfarraige. Nuair a chonaic na deisceabail é ag siúl ar an bhfarraige, bhíodar buartha: 'Taibhse atá ann!' ar siad, agus scread siad amach le barr eagla. Ach labhair Íosa leo láithreach: 'Bíodh misneach agaibh!' ar seisean, 'mise atá ann, ná bíodh eagla oraibh.' D'fhreagair Peadar é: 'A Thiarna,' ar seisean, 'Más tú atá ann, ordaigh mé a theacht chugat ar bharr an uisce.' Dúirt Íosa: 'Tar!' agus tháinig Peadar amach as an mbád agus shiúil ar bharr an uisce ag déanamh ar Íosa. Ach nuair a d'airigh sé chomh borb agus a bhí an ghaoth, rug an eagla air: thosaigh ag dul faoi uisce agus scread sé amach: 'A Thiarna, saor mé!' ar seisean. Shín Íosa amach a lámh láithreach, agus ag breith greama air dúirt: 'A fhir an bheagán creidimh, cén fáth ar tháinig amhras ort?' Ar dhul isteach sa bhád dóibh, thit an ghaoth. Agus iad seo a bhí sa bhád, d'umhlaigh siad síos ina láthair ag rá: 'Go dearfa, is tú Mac Dé.'

*Soiscéal an Tiarna.* **Moladh duit, a Chríost.**

***Seanmóir & Guí an Phobail***

***An Chré***

**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

## *Liotúirge na hEocairiste*

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.

**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,**
**chun onóra agus glóire a ainm,**
**chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

**Os Cionn na nOfrálacha**

Glac go lách, a Thiarna, le tabhartas seo d'Eaglaise atá ar fáil le bronnadh againn de bharr d'fhéile agus do thrócaire féin. Déan de sacraimint ár slánaithe. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

**An Deasghnáth Deiridh**

Go raibh an Tiarna libh.
**Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uileachumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Imígí faoi shíochain ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha, Alleluia, Alleluia.
**Buíochas le Dia, Alleluia.**



**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**

*i gCill Éinde, An Spidéal*

**Gach Satharn 10am—11am**

**Páidrín gach Domhnach**

**@ 6.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***